# Leibhéal a 3

# Forbhreathnú

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| An Creideamh Críostaí | • Rúndiamhair Dé<br>• Rúndiamhair Íosa<br>• Rúndiamhair an Spioraid Naoimh<br>• Cruthú an Domhain<br>• Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta<br>• Muire<br>• An Bheatha Shíoraí<br>• Traidisiúin Reiligiúnacha Eile |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Briathar Dé | • An Bíobla<br>• Scrioptúr Naofa<br>◊ Plean Grámhar Dé don Slánú<br>◊ Breith agus Óige Íosa<br>◊ Saol Poiblí Íosa<br>◊ Páis agus Bás Íosa<br>◊ Aiséirí agus Deascabháil Íosa<br>◊ An Chincís |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Liotúirge agus Urnaí | • Urnaí<br>◊ Urnaí Fhoirmeálta<br>◊ Paidreacha Breise<br>• An Liotúirge<br>• An Bhliain Liotúirgeach<br>• Na Sacraimintí<br>• An tAifreann |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Moráltacht Chríostaí | • Dínit an Duine<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine<br>• Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé<br>• Teagasc Sóisialta na hEaglaise<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí |

# Snáithe: An Creideamh Críostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- a dtuiscint ar Dhia, mar Athair, Mac agus Spiorad Naomh a fhorbairt
- a n-eolas ar Íosa mar dhuine, mar Mhac Dé, a chomhthéacs stairiúil, Ríocht Dé, an chiall atá le deisceablacht, creideamh an Chríostaí a fhorbairt maraon le tuiscint a fháil orthu seo a bhfuil baint acu lena saol féin agus le saol daoine eile
- an bhrí atá le Muire agus na Naoimh sa traidisiún Caitliceach a fhiosrú agus foghlaim óna gcuid spioradáltachta
- tuiscint agus meas a léiriú ar an Eaglais mar phobal a leanann misean Íosa agus an pháirt atá acu féin sa mhisean sin (gairm bheatha)
- tuiscint a fhorbairt ar mhéadú agus ar eagraíocht na Críostaíochta in Éirinn, forleathnú ar an bpobal áitiúil Críostaíochta agus traidisiún na misinéirí san Eaglais Éireannach
- fiosrú a dhéanamh ar na bealaí éagsúla ar bhain an Chríostaíocht Éireannach úsáid astu, san am a chuaigh thart, chun an creideamh a léiriú (m.sh. oilithreachtaí, spioradáltacht Ceilteach, áiteanna beannaithe)
- tosú a dhéanamh ar phobail eile Críostaithe, Giúdach agus Moslamach a fhiosrú (cf. LG 17)
- tosú a déanamh ar idirdhealú idir an dearcadh domhanda i leith creidimh agus easpa creidimh agus iad ag léiriú mothálacht agus meas ar dhaoine a bhfuil a gcreideamh difriúil ón gcreideamh atá acu féin. (CSRE 2).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Taighde, iniúchadh agus anailís a dhéanamh ar choincheapa reiligiúnacha agus creidimh
- Fiosrú a dhéanamh ar an míniú agus an bhrí a bhaineann leis an gcreideamh Críostaí sa lá atá inniu ann
- Na bealaí éagsúla a bhfuil an creideamh Críostaí léirithe san ealaín, san ailtireacht, sa cheol agus i dtéacsanna digiteacha a aithint agus a fhiosrú
- Measúnú a dhéanamh ar an bhfírinne atá i ráitis reiligiúnacha agus an bhaint atá acu lena saol féin (breithiúnas)
- Cinntí a dhéanamh faoi fhírinní reiligiúnacha, creidimh agus luachanna a mbeadh tionchar acu ar a n-iompar féin (cinneadh).

**Cumarsáid:**

- Taighde a dhéanamh, eolas a bhailiú agus tionscnaimh a chur i láthair bunaithe ar choincheapa agus ar chreidimh reiligiúnacha.

**Ag Forbairt Litearthacht Spioradálta:**

- Freagairt go cruthaíoch do na sprioc-cheisteanna ar an gciall agus ar an bfírinne a eascraíonn óna dtaithí saoil féin.
- An ceangal idir saol liotúirgeach na hEaglaise agus a saol spioradálta féin a fhiosrú.

**Ag Forbairt Litearthacht Idir-Reiligiúnach:**

- An tábhacht a bhaineann le creideamh nó fealsúnacht reiligiúnach i saol na ndaoine ina bpobal féin a phlé.
- Cleachtais reiligiúnacha na bpáistí i bpobail eile Críostaí, Giúdach agus Moslamach in Éirinn a fhiosrú agus iad a cheangal lena gcleachtais creidimh féin.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Rúndiamhair Dé

- Is é Dia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh (ChEC 152, 234).
- Is é Dia an Tríonóid i dtrí phearsa. Ní roinneann siad diagacht eatarthu féin ach ina n-aonar is ionann gach pearsa agus Dia ina iomláine (ChEC 253).
- Tá Dia dílis, trócaireach (ChEC 205).
- Tá Dia uileolach, uilechumhachtach (ChEC 268).
- Tá grá ag Dia dom agus tá aithne phearsanta aige orm (ChEC 300).
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn (ChEC 705-6).
- Chuir Dia Íosa chugainn chun sinn a shábháil ónár bpeacaí (ChEC 620-21; GDC 102).
- Ar Dhomhnach Cásca, thóg Dia an tAthair Íosa ó mhairbh le saol nua a chaitheamh i gcolainn ghlórmhar. Tugtar an t-Aiséirí ar seo.
- Cuireann Dia ár nAthair an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn maireachtáil ar nós Íosa.
- Nuair a deir Críostaithe 'Creidim i nDia', ciallaíonn siad go bhfuil briathra, oibreacha, geallúintí agus aitheanta Dé ar eolas acu agus go bhfuil muinín acu as (ChEC 154, 1064: is ionann creideamh agus creidiúint).
- Glaonn Dia ar dhaoine agus freagraíonn siad é (gairm bheatha).
- Baineann Críostaithe úsáid as urnaí agus gníomhartha chun a greideamh i nDia a chleachtadh (ag maireachtáil/ag tabhairt fianaise don chreideamh).
- Is eiseamláirí den chreideamh iad Ábrahám agus Sára (ChEC 145).
- Tugann an creideamh dúshlán do Chríostaithe oibriú ar son na Ríochta/Réimis Dé (ChEC 542).
- Chabhraigh a gcreideamh le daoine in am an ghátair.
- Is féidir eiseadh Dé a shéanadh nó neamhshuim a dhéanamh dó (GS 19).

### Rúndiamhair Íosa Críost

- Is é Íosa an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa. Tháinig Íosa, Mac Dé, ar an saol chun sinn a shábháil. Is é ár Slánaitheoir é, a tháinig chugainn le grá, chun ár bpeacaí a mhaitheamh. Tugann Íosa cuireadh dúinn glacadh le grá an Athar agus ansin ár saol a chaitheamh dá réir.
- Tugtar 'Slánaitheoir' ar Íosa de bhrí gur shaor sé sinn ó pheaca lena shaol, a bhás agus a Aiséirí (SC 6; GS 22; GDC 97; cf. ChEC 517, 1248).
- Tugtar 'An Tiarna' ar Íosa, mar i gcomhpháirt leis an Athair tugann sé beatha do gach rud agus cuireann sé ar ár gcumas caidreamh a bheith againn leis an Athair (ChEC 202, 446-51, 454-55).
- Tugann Íosa síocháin don domhan (PT, 169-70).
- Is é Íosa an Dara Pearsa Diaga den Tríonóid Ró-Naofa.
- Ba Ghiúdach é Íosa agus bhí sé umhal do Dhlí Dé (ChEC 423): cleachtais reiligiúnacha a chomhlíon Íosa, na féilte móra Giúdacha, oilithreachtaí chuig an Teampall, fearg Íosa nuair a truaillíodh an Teampall, Íosa ag obair mar mhac an tsiúinéara, creidimh Ghiúdacha, urnaithe Giúdacha (ChEC 531-32, 583-84).
- D'iarr Íosa ar dhaoine aithrí a dhéanamh agus an Dea-Scéal a chreidiúint, is é sin, teacht Ríocht Dé (Mc 1:14-15; Lúc 17:21; EN 11-14; LG 5; GDC 101-2; ChEC 544, 1427).

- Bhí comhbhá ag Íosa le daoine eile, go háirithe leis na bochtáin agus leis na díbeartaigh agus dhéileáil sé leo le trua agus le cothroime (Mc 1:40-45; Mc 2:1-12; Mc 7:31-37).
- Chabhraigh Íosa le daoine athrú agus 'bláthú' (iompú).
- Labhair agus d'iompar Íosa é féin le húdarás (Mth 7:28-9).
- Bhí Íosa diongbháilte ina dhearcadh nach leor go dtabharfaí aitheantas dá theagasc ach go mairfimid dá réir (Mth 21:28).
- Cuireadh cathú ar Íosa san fhásach (Lúc 7:11-17; ChEC 538).
- Leigheas Íosa a lán easláin agus thug roinnt daoine ar ais ó na mairbh (Lúc 7:11-17; ChEC 547, 548-49).
- Thaisteal Máire Mhaigdiléana, Ióanna, Salómae, Súsanna agus a lán mná eile le hÍosa ar a thuras agus bhreathnaigh siad amach dó leis na hacmhainní a bhí acu (Lúc 8:23; MD 13).
- Rinne Íosa 'carraig' a Eaglaise de Pheadar. Thug sé eochracha a Eaglaise dó agus rinne aoire ar a thréad iomlán dó (LG 8; LG 18; ChEC 881; Mth 16:18-19).
- Thaispeáin Íosa é féin aiséirithe ó na mairbh do Mháire Mhaigdiléana agus roghnaigh sé í le bheith ina 'haspal do na haspail' (Eoin 20:11-18; MD 16).
- Bhí Íosa toilteanach fulaingt agus bás a fháil le méid a ghrá do Dhia a Athair agus dúinne a léiriú (ChEC 569, 608).
- D'ofráil Íosa é féin do Dhia ag an Suipéar Déanach agus ar Chalvaire (ChEC 610, 621).
- Tar éis an Aiséirí, chuaigh Íosa suas ar neamh chun áit a ullmú dúinne (ChEC 659, 665).
- Ag a dheascabháil thug Íosa cúram a mhisean saolach do na haspail agus don Eaglais (ChEC 669).
- Ag a dheascabháil gheall Íosa go mbeadh sé linn go deo (Mth 28:20); Chuir sé chugainn an Spiorad Naomh mar chuid den ghealltanas sin.
- Is é Íosa ceann na hEaglaise, an Té a threoraíonn Pobal Dé.

### Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Ar lá Cincíse, thuirling an Spiorad Naomh ar na deisceabail le bheith in éineacht leo go deo (Gníomh 2:1-13; AG 4).
- Ba thús ré na hEaglaise é bronntanas an Spioraid Naoimh um Chincís (ChEC 732).
- Chuir an tAthair agus an Mac an Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn a bheith níos cosúla le Dia (ChEC 682-747).
- Treoraíonn an Spiorad Naomh an Eaglais agus tugann aire di (GS 11; LG 4; ChEC 739, 747).
- Fanfaidh an Spiorad Naomh linn go deo (ChEC 729).
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le Críostaithe Dea-Scéal Íosa a scaipeadh ar bhealaí difriúla.
- Tugann Críost an Spiorad Naomh dúinn trí na sacraimintí, go háirithe sa Bhaisteadh agus sa Chóineartú (ChEC 1116).
- Tugann an Spiorad Naomh grásta do phobal uile Dé.
- Is é an grásta ná láithreacht obair an Spioraid Naoimh ionainn. Teastaíonn bronntanas an ghrásta uainn agus faighimid é ar bhealach speisialta trí urnaí a dhéanamh agus nuair a ghlacaimid na sacraimintí.

### Cruthú an Domhain

- Chruthaigh Dia an chruinne ar fad - an domhan is gach a bhfuil ann - lena Bhriathar, as neamhní (Eoin 1:1-3; Col 1:16-17; 2 Mac 7:28; ChEC 290-91, 296).
- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chruthaigh sé an domhan agus sinne inár gcónaí ann le go mbeimid in ann a shaol agus a ghrá a roinnt (Eif 1:5-6; ChEC 279-95).

- Coinníonn Dia gach rud sa bheithsine (DV1; ChEC 301, 320).
- Is neacha spioradálta iad na hAingil a adhrann Dia gan staonadh agus déanann siad freastal ar phleananna Dé chun neacha eile a shábháil (ChEC 350).

**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**

- Is réimeas lán le ceartas, síocháin agus grá é Ríocht Dé (ChEC 865, 2046).
- Tugann Íosa cuireadh do pheacaigh chun bord na Ríochta (ChEC 545; Mc 2:17; Lúc 15:7; Lúc: 7:11-32).
- Tugann daoine fianaise do Ríocht Dé agus cabhraíonn siad leis fás trí aire a thabhairt do chruthú Dé, grá a thabhairt do dhaoine eile agus caitheamh leo ar bhealach atá ceart agus cóir (Míocá 6: 6-8; GS 33; ChEC 2045-46).
- Is ionann an Eaglais agus Pobal Dé aontaithe mar aon le duine amháin ag Íosa, pobal a roinneann a ghrá agus a shaol (ChEC 804; 781-86).
- Is tionóil liotúirgeach í an Eaglais agus is pobal creidmheach í (ChEC 752).
- Taispeánann an Eaglais aghaidh Dé do dhaoine agus tugann sí grá Dé do chách (ChEC 780: An Eaglais mar shacraimint na slánaithe; GS 3: An Eaglais mar shearbhónta).
- Is í an Eaglais an pobal a leanann ar aghaidh le misean Íosa chun an Dea-Scéal a fhógairt don domhan uile (LG 8, LG 17; AG 1; ChEC 3, 849: misean; Mc 16:15).
- Chuir Íosa uaidh a aspail chun deisceabail a dhéanamh de dhaoine ar fad agus a Eaglais a leathnú (LG 19: misean).
- Is é an Pápa ionadaí Íosa mar cheannaire na hEaglaise ar talamh, mar chomharba ar Naomh Peadar, ceannaire na naspal (LG 18; ChEC 880-82, 936-37).
- Cabhraíonn an teaghlach/an scoil Chaitliceach le Ríocht Dé a fhorbairt trí bheith rannpháirteach i saol agus i misean na hEaglaise (GS 48; FC 49, 17-18).
- Tá a ról féin ag gach duine san Eaglais (eaglais an teallaigh agus áitiúil) (LG 12).
- Iarrtar ar gach Críostaí an 'Dea-Scéal' a scaipeadh (LG 17: gairm bheatha).
- Teastaíonn cúnamh phobal na hEaglaise uainn chun maireachtáil mar chara Dé/deisceabal Íosa.
- Staidéar a dhéanamh ar phobail an pharóiste: adhradh, misean agus seirbhís.
- Féachaint ar bhealaí chun páirt a ghlacadh i saol agus in adhradh san eaglais: San eaglais teallaigh agus sa phobal (m.sh. ceiliúradh na hEocairiste, urnaí ar son daoine eile, gníomhaíochtaí eile sa pharóiste).
- Féachaint ar roinnt ról agus cúramaí lastigh de phobal na hEaglaise áitiúla: an sagart paróiste, déagánach, pobail reiligiúnacha, na tuataí, ministrí an bhriathair, comhairle tréadach an pharóiste, na treoraithe urnaitheacha, ceannairí scoile, ministreacht don óige, an comhordaitheoir um fhorbairt an chreidimh srl (LG 10, LG 12; cf ChEC 910-11, 913).
- Grúpaí Críostaí sa phobal (m.sh. Cumann Naomh Uinseann de Pól, freastalaithe altóra, an cór srl).
- Stair na bpobal Críostaí áitiúla.
- Tús na Críostaíochta in Éirinn.
- Obair na Misinéirí Éireannacha (m.sh. Cumann na Leanaí Misinéireachta).
- Na Naoimh: Staidéar a dhéanamh ar Naomh Pádraig, Naomh Máire Mhaigdiléana, agus roghnaigh roinnt naoimh ón liosta seo- Naomh Breandán, Naomh Thérèse as Lisieux, Naomh Clár, Naomh Caoimhín, Naomh Columbán, na naoimh áitiúla. Daoine eile a thug seirbhís do Chríost san am atá caite

- Spioradáltacht Chríostaí agus oilithreacht: ionaid oilithreachta in Éirinn agus ar fud an domhain, m.sh. Gleann Dá Loch, Cnoc Mhuire, Fatima, Lourdes, séipéil cháiliúla, crosa Ceilteacha (ChEC 1674).
- Eolas a chur ar shéipéil Chríostaí eile sa phobal áitiúil: m.sh. Eaglais na hÉireann, Meitidisteach agus Preispitéireach, Críostaithe ón Eaglais Cheartchreidmheach, Críostaithe Soiscéalacha, Eaglaisí ón Oirthear.
- Is Críostaí gach duine atá baistithe, a ghlacann le hÍosa mar Mhac Dé agus a chreideann ina Aiséirí.
- Tugtar cuireadh do gach teaghlach Críostaí Dia a adhradh agus freastal ar a bpobal mar a rinne Íosa.

### Muire

- Tugann an Eaglais grá speisialta do Mhuire an Mhaighdean Bheannaithe, Máthair Dé (SC 103; LG 66).
- Thug Íosa Muire, a Mháthair, dúinn mar Mháthair na hEaglaise (LG 53, 63; ChEC 963).
- Is í Muire Máthair Dé agus Ár Máthair (GS 22, LG 52-3, 60-2**;** ChEC 744, 963, 968, 971, 973-75, 495, 508-10).
- Treoraíonn Muire chuig Íosa sinn i gcónaí (MC 57).
- Choinnigh Dia Muire slán ó pheaca (LG 55; ChEC 411, 491, 493: Giniúint Mhuire gan Smál).
- Déanann Muire agus na naoimh idirghuí ar ár son le Dia (ChEC 956, 969).
- Is eiseamláir thar na bearta/ardcheannasach í an Mhaighdean Mhuire den chreideamh i nDia Uilechumhachtach mar chreid sí 'nach bhfuil aon rud dodhéanta do Dhia' (Lúc 1:37; ChEC 273).
- Gríosann an Eaglais sinn chun paidreacha áille do Mhuire a rá: m.sh. An Choróin Mhuire, An Magnificat, An Memorare, 'S é do bheatha, a Mhuire, Fáilte an Aingil.
- Íocóin agus Íomhánna de Mhuire (m.sh. Máthair Dé, Máthair na Síor Chabhrach, Muire as Guadalupe, Muire as Czestochowa).

### An Bheatha Shíoraí

- Mairfidh Ríocht Dé, a thosaigh ar talamh, go deo (Dain 7:14; ChEC 670, 664).
- Tá Dia ag iarraidh go mairfimid go sona, leis féin, sna flaithis go deo, trí shlánú Íosa (GS 18; ChEC 1026).
- D'aiséirigh Íosa ó mhairbh ina chorp féin agus chuaigh suas ar neamh le go mbeimid in ann a bheith ina theannta lá éigin agus an bheatha shíoraí a roinnt leis (ChEC 666–67).
- Dúirt an Tiarna Íosa: 'Cibé a chreideann ionamsa beidh an bheatha shíoraí aige agus ardóidh mé suas é ar an Lá Deireanach'. Creideann Críostaithe agus tá dóchas acu go mbeidh saol nua aiséirithe acu le hÍosa aiséirithe. Tugtar an bheatha shíoraí ar seo (1 Cor 15:23-4).
- 'Díreach mar atá Críost aiséirithe agus ag maireachtáil go deo, aiséireoimid ar an lá deireanach '(ChEC 1016; 1 Cor 15:54-7).
- Creideann Críostaithe go mbeidh siad le Críost agus go bhfeicfidh siad Dia nuair a gheobhaidh siad bás (1 Cor 13:12).
- Creideann Críostaithe go n-aiséireoidh a gcoirp agus a n-anamacha ó mhairbh (GS 22; ChEC 990).
- Íomhánna de na Flaithis: beatha, solas, síocháin, fleá na bainise, fíon an Ríochta, teach an Athar, Párthas (Lúc 13:29; Taisp 22:5; Eoin 14:1-4; ChEC 1027).

### Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Breathnaíonn gach Críostaí ar a gcomharsan ar fad mar shamhail eile dóibh féin (Mc 12:31; GS 27; ChEC 1944).
- Cuireann an parabal den Samárach Maith i gcuimhne dúinn gur ionann 'do chomharsa a ghráú' agus a bheith i do chomharsa ag daoine le traidisiúin reiligiúnacha eile.
- Trí 'bheith ag comhrá le daoine a chleachtann reiligiúin eile táimid ag comhlíonadh an ordaithe atá faighte againn ár gcomharsa a ghráú.
- Iarrann Dia ar Chaitlicigh meas a bheith acu ar chreideamh dhaoine eile, ar shaoirse reiligiúnach, difríochtaí a cheiliúradh agus oibriú le chéile ar son aontachta (GS 28).
- Is iad an Giúdachas, an Chríostaíocht agus an Ioslamachas na trí mhór-reiligiúin aondiach.
- Uaireanta tugtar na creidimh Abrahámach ar an nGiúdachas, an Chríostaíocht agus an Ioslamachas de bhrí go dtugann siad urraim do Ábrahám.
- Iarrtar ar Chaitlicigh comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus comhoibriú leo (DP 82).
- Iarrtar ar Chaitlicigh a bheith mar fhinnéithe dá gcreideamh féin i gCríost le briathar agus le gníomh (DP 59, 82; EN 5).
- **Giúdachas**: Creideann Giúdaigh i nDia. Ba Ghiúdach é Íosa. Bíonn lá speisialta Dé acu ó dhul faoi na gréine ar an Aoine -go dul faoi na gréine ar an Satharn. Lá scíth í an tSabóid nuair a dhéantar adhradh agus bíonn béile teaghlaigh acu. Ag dul go dtí an sionagóg chun adhradh a dhéanamh, sionagóga Éireannacha.
- **Ioslamachas:** Creideann Moslamaigh in aon Dia amháin. Guíonn Moslamaigh cúig uaire sa ló; Glaonn siad Allah ar Dhia agus tá meas acu ar a ainm; is lá speisialta chun urnaithe í an Aoine; glaoch chun urnaithe; ag adhradh sa mosc; maisiúcháin le patrún agus téacs; ní ghuíonn fir agus mná le chéile; tugtar an Qu'ran ar an leabhar naofa-an chaoi a gcaitear leis. Moscanna Éireannacha.

# Snáithe: Briathar Dé

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- a dtuiscint ar dheisceabalacht Íosa agus Ríocht Dé a mhéadú
- staidéar a dhéanamh ar bhun struchtúr an Bhíobla
- bun-scileanna staidéir ar an mBíobla a léiriú
- tosú ar fhiosrú a dhéanamh ar choincheap an chonradh sna Scrioptúir Eabhraise
- tosú ar thuiscint a fháil ar an gcaoi a léirítear toil Dé dá dhaonra i saolta na gcarachtar atá sa Bhíobla (foilsiú) (CSRE)
- forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar inspioráid agus ar fhírinne an Scrioptúir Naofa mar Bhriathar Dé.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Eolas faoi dhaoine, áiteanna agus rudaí sna téacsanna scrioptúrtha a bhailiú, a thaifead agus a chur i láthair ar bhealaí éagsúla (blúirí gearra as físeáin agus as taifid eile, *PowerPoint*, doiciméid, colláisí, fóta-thuairisc).

**Cumarsáid**

- Amlínte agus scéalmhapaí a thógáil chun eachtraí as an mBíobla a léiriú agus eagar a chur ar an eolas a bhailíodh.

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**An Bíobla**

- Thug an Spiorad Naomh treoir do na daoine a scríobh leabhair an Bhíobla.
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dia agus é a thuiscint agus freagra a thabhairt air.
- Is leabharlann de leabhair é an Bíobla (ChEC112).
- Is é an Bíobla an t-ainm a thugtar ar na Scrioptúir Naofa do Chríostaithe; Tá scríbhinní ann ón Sean Tiomna, scríbhinní atá sácráilte do na Giúdaigh.
- Tá ceithre Shoiscéal ann: an soiscéal de réir Mhatha, an soiscéal de réir Mharcais, an soiscéal de réir Lúcáis agus an soiscéal de réir Eoin. Tá áit lárnach acu seo sa Bhíobla toisc go bhfuil Íosa Críost mar chroí-lár iontu. (ChEC 139).
- Tá daichead a sé leabhar do Chaitlicigh sa Sean Tiomna a dhéileáileann le foilsiú Dé roimh theacht an tSlánitheora, Íosa Críost (ChEC 120).
- Sa Sean-Tiomna tá an Peintiteoch, na Leabhair Stairiúla, leabhair na hEagna, agus leabhair na bhFáithe (ChEC 120).
- Cuireann an Sean-Tiomna síos ar theagaisc agus ar ghníomhartha Dé roimh theacht Íosa Críost. Díríonn sé ar an gconradh a rinne Dia leis na Giúdaigh. Tugtar an 'Sean-Chonradh' ar seo chun idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus an 'Conradh Nua' a rinne Íosa Críost' (ChEC 121-123).
- Bhí conradh ag muintir Iosrael le Dia, gealltanas de ghrá agus de dhílseacht a chuirtear i gcomparáid go minic le pósadh grámhar (Ís 54:10) nó an deabhóid a bhíonn idir tuismitheoir agus a p(h)áiste (m.sh. Ís 49:15; Hóisé 11:1-4).
- Rinne Dia conradh buanseasmhach le Naoi agus le gach ní beo. Seasfaidh an conradh seo go críoch na n-aoiseanna (ChEC 71; Gein 9:8-16).
- Roghnaigh Dia Ábrahám, rinne sé conradh leis agus lena shliocht (ChEC 72; Léiv 26:11-12).
- Leis an gconradh seo mhúnlaigh Dia a dhaoine agus nocht a Dhlí dóibh trí Mhaois (ChEC 72).
- Tá fiche seacht leabhar sa Tiomna Nua a dhéileáileann le saol agus teagasc Íosa agus leis an gcéad phobal Críostaí (ChEC 120).
- Sa Tiomna Nua tá na Ceithre Shoiscéal, Gníomhartha na nAspal, na hEipistilí nó Litreacha agus Apacailipsis Eoin.
- Do Chríostaithe, tá na Soiscéil ag croílár na Scrioptúr (ChEC 125, 139).
- Cabhraíonn na Soiscéil linn glacadh le hÍosa le lán-chreideamh agus a theagasc a chur i bhfeidhm inár saol féin.
- D'aithin an Triúr Saoithe Íosa mar Dhia, agus chrom siad os a chomhair agus thug siad adhradh dó: tugtar féile na hEipeafáine ar seo (Mth 2:1-12; ChEC 422-24).

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean grámhar Dé don Slánú (ChEC 62-4,71-2; 522, 761-62,781, 1164, 2056-63, 2077)*

- Gein 9:8-17. An Conradh idir Dhia agus gach ní beo (Naoi).
- Gein 12:1-10. Glaoch Ábrahám.
- Gein 15:1-6, 18-21. An Gealltanas do Ábrahám.
- Gein 17:1-10, 15-22. An Conradh le hÁbrahám agus Sára. Breith Íosác.

- Eacs 1–2. Faró agus na hIosraelítigh; Óige Mhaoise.
- Eacs 3:1-22. Glaonn Dia ar Mhaois; ainm Dé.
- Eacs 5:1–11:10. Maois agus Faró; gealltanas fuascailte ó Dhia.
- Eacs 12. Cáisc na nGiúdach.
- Eacs 14. Sábháileann Dia na hIosraelítigh; scéal an Eacsadas.
- Eacs 19:3-8. Conradh Shíonáí; pobal tofa Dé
- Eacs 20-1-17; Deot 5:1-22; Eacs 19:3-8. Na Deich nAitheanta
- Eacs 24:3-8. Ag séalú an Chonartha
- Eacs 34:6-7. Tá grá Dé síoraí, buan.
- Salm 18:1-3. Is é Dia mo Charraig.
- Salm 23. Is é an Tiarna m'Aoire.
- Salm 31:14-15. Tá mo shaol i do lámha.
- Salm 37. Muinín as an Tiarna.
- Salm 70:1. Ag iarraidh cúnamh ar Dhia.
- Salm 131. Ar nós an linbh atá bainte den chíoch.
- Salm 148. Iomann molta cosmach.
- Salm 104. Ag ceiliúradh an nádúir.
- Ís 9:6-7. Is é Íosa an Slánaitheoir.
- Ís 40:3-5. 'Tá glór ag fógairt …'
- Ís 43:1-5. Ghlaoigh mé ort i d'ainm agus is liomsa tú.
- Ís 49:15. Ní dhéanfaidh mé dearmad ort.

*Breith agus Óige Íosa (ChEC 422-24; 430-60; 522-34)*
- Mth 1:18-25. Breith Íosa. Mth 2:1-12. Na Saoithe.
- Lúc 1:5-25. Eiliosaibeit agus Zachairias.
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.
- Lúc 1:39-45. Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit.
- Lúc 2:1-20. An Nollaig.

*Saol Poiblí Íosa (ChEC 535-50; 1716-29)*
- Mth 5:38-48. Gráigh do naimhde.
- Mth 6:1-18. Bí aireach agus tú ag cleachtadh do chuid cráifeachta.
- Mth 9:1-8; Mc 2:1-12. Leigheas an fhir a rugadh ina pharailíseach.
- Mth 13:31-2; Lúc 13:18-19. Parabal an tsíl mustaird.
- Mth 13:33; Lúc 13:20-1. Parabal an giosta.
- Mth 13:44-46. An taisce agus an péarla.
- Mth 18:1-5; Mc 9:33-7; Lúc 9:46-8. Cé hé mar sin an té is mó i ríocht na bhflaitheas?
- Mc 7:32-37. Leigheas an bhodhráin.
- Mc 8:22-26. Leigheas an daill.
- Lúc 3:3-6:15-6. Eoin Baiste.
- Lúc 4: 1-13; Mth 4: 1-11 Cathuithe.
- Lúc 7:11-17. Mac na baintrí ag Náín.
- Lúc 8:1-3; Mc 15: 40-1. Cuireann mná cóir ar Íosa.
- Lúc 9:12-17. Eoin 6: 1-13. Ag beathú cúig mhíle duine.
- Lúc 10:25-37. An Samárach Maith.
- Lúc 10:27. An Aithne is tábhachtaí.
- Lúc 11: 5-13. Parabal an charad seasmhaigh.

- Lúc 13:10-17. Leigheas na mná a bhí cromtha.
- Lúc 15:4-7. Parabal na caorach a bhí imithe amú.
- Lúc 15:8-10. Parabal an bhoinn a bhí imithe amú.
- Lúc 18:1-8. An Bhaintreach agus an Breitheamh.
- Lúc 18:9-13. An Fairisíneach agus an Bailitheoir Cánach.
- Eoin 13:34-35. Aithne Nua.

*Páis agus Bás Íosa (ChEC 575-637)*
- Mth 21:1-11. Ag dul isteach go Iarúsailéim.
- Mth 26:36-66. Geitséamainí – An tArdsagart.
- Lúc 22:13-23. An Suipéar Déanach.
- Lúc 22:31-34; 54-62. Tréigeann Peadar Íosa.
- Lúc 22:66-71, Lúc 23:1-43. An triail agus an céasdh.
- Eoin 19:1-16. An choróin spíne/deilge.
- Eoin 19:18, 25, 30, 38-42. Faigheann Íosa bás ar an gcrois.
- Eoin 19:26-27. A bhean, seo é do mhac.

*Aiséirí agus Deascabháil Íosa (ChEC 631-67)*
- Mth 28:1-10; Lúc 24:1-12. Mná ag an tuama.
- Mth 28:16-20. 'Imigí, dá bhrí sin …'
- Eoin 20:1-9. Peadar agus Eoin ag an tuama.
- Eoin 20:19-23. Taispeánann Íosa é féin dá dheisceabail.
- Eoin 20:19-29. Tomás Amhrasach.
- Gníomh 1:6-11. Deascabháil Íosa.

*An Chincís (ChEC 731-41)*
- Gníomh 2:1-13. An Chincís
- 1 Cor 12:4-7. Éagsúlacht bronntanais
- Eif 4:5-6. 'Níl ann ach aon chorp amháin …' (éacúiméineachas).
- 1 Pead 5:7. Fág do chuid imní i lámha Dé mar tá grá aige duit.

*Le cur de ghlan mheabhair*

Mth 22:37. Dhá aithne an ghrá:

1. Beidh grá agat don Tiarna do Dhia le do chroí go hiomlán, le d'anam go hiomlán agus le d'intinn go hiomlán.
2. Gráigh do chomharsa mar tú féin.

- Eacs 20:1-17; Deut 5:4-21. Na Deich nAitheanta.
- Mth 7:12. Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh.
- Eoin 6:35. 'Is mise arán na beatha.'
- Salm 23. 'Is é an Tiarna m'Aoire.'
- Ís 43: 1-5. 'Ghlaoigh mé ar d'ainm, is liomsa tú.'
- Eoin 3:16. 'Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin…'
- Eoin 15:12. 'Níl grá ag aon duine níos mó ná seo…'

Leibhéal a 3

# Snáithe: Liotúirge agus Urnaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:
- a dtuiscint ar an gcaoi a chabhraíonn urnaí, an liotúirge agus na sacraimintí leo láithreacht Chríost ina saol a aithint agus a cheiliúradh
- a thuiscint gurb é foinse an grásta a fhaighimid ó na sacraimintí ná obair shlánaithe Chríost (ChEC 1128)
- a dtuiscint ar an mbliain liotúirgeach a fhorbairt
- foghlaim conas a dhéanann an ceiliúradh a dhéanann siad ar fhéilte Mhuire agus na Naoimh agus an idirghuí a dhéanann siad chun Dé trí Mhuire agus na Naoimh saibhriú ar a saol
- a dtuiscint ar an mbrí atá le sacraimint a fhorbairt
- forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar shacraimintí an Bhaiste, na hEocairiste, an Athmhuintearais agus Ungadh na n-Easlán
- fiosrú a dhéanamh faoin úsáid is féidir a bhaint as acmhainní éagsúla chun paidreacha a chumadh agus deasghnátha a ullmhú do ócáidí faoi leith
- meas ar ealaín, ailtireacht agus ceol sácráilte a fhorbairt.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**
- An Bíobla a úsáid mar fhoinse urnaí
- Na sacraimintí a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu ina bhfocail féin
- Na sacramintí agus na séasúir mar a bhaineann siad le gníomhartha agus le saol Íosa a fhiosrú.

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:**
- Ábhair, siombail agus spásanna a chruthú chun a dtuiscint ar an mbliain liotúirgeach a léiriú agus a chabhróidh lena n-urnaí pearsanta agus urnaí ranga.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Urnaí**

- Gheall Íosa go mbeidh sé i láthair gach uair a bhailíonn daoine le chéile ina ainm (Mth 18:20).
- Dúirt Íosa lena lucht leanúna aon rud a bhí uathu a fhiafraí ar Dhia 'ina ainm' (Eoin 14:13-14).
- Dúirt Íosa lena lucht leanúna coinneáil orthu ag guí agus misneach a bheith acu (Lúc 18:1).
- Mhol Íosa dá lucht leanúna urnaí a dhéanamh ina n-aonar (Mth 6:6; SC 12).
- Déanaimid urnaí nuair bhímid mar lámha Dé agus sinn ag cabhrú le daoine eile (urnaí trí ghníomh).
- Trí urnaí is féidir le Críostaithe oibriú le chéile ar son theacht na Ríochta (ChEC 2632).
- Táimid in ann urnaí a dhéanamh áit ar bith agus ag am ar bith (ChEC 2660; CSRE 2c).
- Ionaid speisialta adhradh a bhfuil meas ag Caitlicigh orthu m.sh. mainistreacha Éireannacha, toibreacha beannaithe, láthaireacha oilithreachta (CSRE 2c).

*Urnaí Fhoirmeálta*

- *Comhartha na Croise*
- *Glóir don Athair*
- Paidir chun na Tríonóide
- An Ghlóir
- Lúireach Phádraig
- An Chré
- Turas na Croise (ChEC 1674, 2699)
- An Chróin Mhuire: Na Rúndiamhra Dólásacha (ChEC 971)
- Comhgháir Cuimhneacháin 2 agus 3
- Fáilte an Aingil
- Sanctus (Is Naofa, Naofa)
- Agnus Dei (Uain Dé)
- Freagraí uile an Aifrinn

*Urnaithe Breise*

- Paidir chun na Tríonóide
- Urnaí ar son síochána agus aontachta: 'A Thiarna Íosa dúirt tú le do chuid aspail'
- Urnaí don Charghas ('Seo é crann na croise')
- Ag guí agus sinn ag iarraidh idirghuí na mBan Beannaithe
- Sailm 23, 37, 104, 148.
- Uimhr 6:24-6. Go mbeannaí an Tiarna thú agus go gcumhdaí sé thú.
- Urnaí na Naomh: m.sh. Paidir Naomh Proinsias Assisi/Treasa as Avila
- Urnaí Ardmholadh (Ord na Sochraidí Críostaí ChEC 1020)
- Paidir chun Íosa mar Mhúinteoir, mar Cheannaire agus mar Chara
- Urnaí chun na naoimh
- Urnaí ar son aontacht na Críostaíochta
- Urnaí ar son na síochána
- Urnaí don mhisean
- Urnaí ar son gairmeacha beatha

Leibhéal a 3

## Liotúirge

- Is é an liotúirge urnaí poiblí na hEaglaise, ina ndéantar ceiliúradh ar bhás agus Aiséirí Chríost-cúis ár slánaithe. Bailíonn baill na hEaglaise le chéile, go hiondúil i séipéal, chun páirt a ghlacadh sa liotúirge le chéile. Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh le hÍosa chun Dia ár nAthair rud a aontaímid le Dia agus lena chéile. Is féidir le comharthaí, siombail, focail agus gníomhartha, amhráin agus ceol agus ealaín sácráilte a bheith mar chuid den cheiliúradh liotúirgeach (ChEC 1067, 1071- 1073).
- Is é Íosa Críost, ár slánaitheoir, a threoraíonn an liotúirge.
- Tógann na heaspaig, na sagairt agus na déagánaigh áit Chríost ag treorú urnaí agus adhradh (ChEC 1142, 1188).

## An Bhliain Liotúirgeach

- I rith na bliana Liotúirgí taistealaíonn teaghlach na hEaglaise le hÍosa trí mhór eachtraí a shaoil (ChEC 1194).
- Tá an bhliain Liotúirgeach roinnte i séasúir: Aidbhint, An Nollaig, Tráth Saor na Bliana, An Carghas, An Cháisc.
- I rith na bliana Liotúirgí tugann ár nEaglais aitheantas do shaoil na naomh agus na mairtíreach agus déantar iad a cheiliúradh (ChEC 1173).
- Dathanna na n-éidí eaglasta a úsáidtear ar an Domhnach i rith na séasúr éagsúla den bhliain liotúirgeach: Glas-Tráth Saor na Bliana; Corcra-Aidbhint agus an Carghas, Sacraimint an Athmhuintearais; Dearg- Aoine an Chéasta, An Chincís, Domhnach na Pailme, An Cóineartú; Bán- An Nollaig, Déardaoin na Comaoineach, An Cháisc, Pósadh, Baisteadh.
- Tráth Saor na Bliana: Cad é agus cén am den bhliain a mbíonn sé ann. Stair (ag tagairt do Dhomhnaigh na bliana).
- Aidbhint agus an Nollaig: i rith na séasúr seo bíonn an Eaglais ag ullmhú chun lá breithe Íosa a cheiliúradh.
- D'fhan clann Dé go dóchasach le teacht Dé ina measc.
- Is é Séasúr na hAidbhinte (ceithre sheachtain) tús na bliana Eaglasta.
- Féilire na hAidbhinte.
- Nós an mhainséir agus an scéal faoin gcéad mhainséar (Naomh Proinsias i nGreccio).
- Tráth den bhliain é an Carghas chun iompú i dtreo Dé arís agus creidiúint sa Dea-Scéal.
- Maireann an Carghas ar feadh breis is dhá scór lá ag tosú ar Chéadaoin an Luaithrigh agus ag críochnú ar Dhéardaoin na Comaoineach.
- Tugann an Carghas deis dúinn chun fás agus ár saol a athrú más gá trí urnaí, troscadh agus gníomhartha carthanachta a dhéanamh agus sinn ag ullmhú don Cháisc.
- Cuireann deasghnáth an Luaithrigh ar Chéadaoin an Luaithrigh i gcuimhne dúinn gur gá dúinn iompú i dtreo Dé, aithrí a dhéanamh agus maireachtáil de réir an tSoiscéil.
- Ar Chéadaoin an Luaithrigh déanann Críostaithe troscadh mar a rinne Íosa san fhásach.
- Ar Lá Fhéile Pádraig ceiliúraimid teacht na Críostaíochta go hÉirinn.
- Le linn na Seachtaine Móire cuimhnímid gur roinn Íosa é féin ar ár son: Ag an Suipéar Déanach/ar an gcrois.
- Ar Dhéardaoin na Comaoineach tugann an Eaglais gach ar tharla ag an Suipéar Déanach chun cuimhne.
- Ar Aoine an Chéasta, tugann lucht leanúna Íosa a bhás agus a adhlacadh chun cuimhne agus iad ag machnamh ar Thuras na Croise.
- Cuireann an chrois chéasta i gcuimhne do Chríostaithe an méid a d'fhulaing Íosa agus an grá a bhí aige don Athair agus dúinne.

- Is í an Cháisc an fhéile is mó i mbliain na hEaglaise nuair a cheiliúrann Críostaithe bás agus aiséirí Íosa.
- I rith Séasúr na Cásca ceiliúrann Críostaithe a saol nua sa Tiarna aiséirithe.
- An Chincís: Déantar ceiliúradh ar shaol nua sa Spiorad Naomh agus lá breithe na hEaglaise.
- Ar lá na Deascabhála chuaigh Íosa ar ais chuig a Athair ar neamh.
- Is lá saoire Eaglasta é Lá Fhéile na Naomh Uile, nuair a thugtar onóir do na naoimh ar fad-aitheanta agus anaithnid. Oíche Shamhna a thugtar ar an oíche a thagann roimh Lá Fhéile na Naomh Uile.
- Ar Lá Fhéile na bhfíréan uile atá Marbh guíonn Caitlicigh ar son na marbh agus iarrann ar Dhia a gcuid peacaí a mhaitheamh dóibh agus iad a threorú i dtreo sonas síoraí ar neamh (ChEC 1032).
- Guíonn an Eaglais, i rith an Aifrinn, ach go háirithe, ar son na marbh (LG 50; ChEC 1055).
- Ar an Domhnach, Lá an Tiarna, tugann an Eaglais aiséirí an Tiarna chun cuimhne trí staonadh ón obair agus tríd an Eocairist a cheiliúradh le chéile (SC 102; 106; ChEC1163, 1166, 1167, 1193; Gein 2:1-3; Deot 5:15).
- Féilte Liotúirgeacha Mhuire (féile Mhuire, Máthair Dé; Bantiarna Lourdes; Teachtaireacht an Aingil; Féile Bhantiarna an Phaidrín; Giniúint Mhuire gan Smál) agus tugann paidreacha ar nós an Choróin Mhuire urraim do Mhuire (MC 49).
- Iomainn do Mhuire.
- An Toirbhirt sa Teampall, Féile na hEipeafáine (Lá saoire Eaglasta: *Nollaig na mBan*), Lá Fhéile Naomh Iósaef, Féile na Deascabhála, An Chincís, Féile na Naomh Uile, Lá Fhéile na bhfíréan uile atá Marbh.
- Ealaín agus ceol liotúirgeach na hÉireann.
- Rudaí sa séipéal: seomraí athmhuintearais, cathaoir an uachtaráin, an taibearnacal, léachtán, lampa an tsanctóra, turas na croise, cuach abhlann, bosca abhlainne, túiseoir agus oisteansóir.

### Sacraimintí

- Seacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí: An Baisteadh, An Cóineartú, An Eocairist, Sacraimint an Athmhuintearais, Ungadh na n-easlán, An Pósadh agus Ord Beannaithe (ChEC 1113; 1210).
- Is comharthaí ó Íosa iad na sacraimintí chun grásta, a shaol féin agus a ghrá a thabhairt dúinn (ChEC 1113-16; 1123; 1127-29; 1131; 1996-2005).
- Is coinne speisialta le hÍosa aiséirithe í an sacraimint (SC 7; ChEC 1097).
- Is grásta speisialta ón Spiorad Naomh é an 'grásta sacraimintiúil' a thugann Críost dúinn i ngach sacraimint. (SC 59-60; ChEC 1129).
- I Sacraimint an Bhaiste déantar páistí Dé de Chríostaithe agus bíonn siad mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha ag gach ball eile den phobal Críostaí (ChEC 1265).
- I sacraimint an Bhaiste, tugann Dia saol Dé don Chríostaí. Tugtar grásta air seo. (ChEC 460, 1266, 1999: grásta naomhaitheach).
- I sacraimint an Bhaiste, tugann Dia an Spiorad Naomh mar bhronntanas do Chríostaithe chun cabhrú leo Íosa a leanúint (ChEC 1266, 1996).
- Nuair a bhaistear páistí agus iad ina naíonáin, déanann a dtuismitheoirí agus a dtuismitheoirí baiste geallúintí ar a son: go gcreidfidh siad i nDia, agus Sátan agus an peaca a dhiúltú. Déantar na geallúintí a athnuachan ag an gCóineartú.
- Geallann na tuismitheoirí baiste cabhrú leis na tuismitheoirí a bpáistí a thógáil mar bhaill den Eaglais.

- An tábhacht a bhaineann leis an ainm a thugtar ag an mBaisteadh (ChEC 2156, 2158).
- Tagann grásta an Bhaiste ó bhás slánaitheach agus Aiséirí Íosa.
- Seasann an Baisteadh go deo agus ní féidir é a ghlacadh ach uair amháin.
- Is sacraimintí leighis iad Sacraimint an Athmhuintearais agus Ungadh na n-Eslán.
- Bhí grá speisialta ag Íosa do na heasláin (Lúc 7:16; Mth 4:24; ChEC 1503).
- In Ungadh na n-Easlán leagann Críost 'lámh' orainn chun sinn a leigheas (ChEC 1504).
- Ceiliúrann Ungadh na n-Easlán láithreacht Chríost iontu siúd atá an-tinn agus faigheann siad neart, dóchas agus síocháin dá bharr (ChEC 1509, 1514-15).
- Ní hamháin go bhfuil Ungadh na n-Easlán dóibh siúd atá i mbaol báis ach tá sé dóibh siúd atá an-tinn, aosánaigh agus do dhaoine atá ag tabhairt aghaidh ar obráidí tromchúiseacha (ChEC 1509, 1511, 1527).
- Tugann an grásta a fhaigheann na heasláin ón Spiorad Naomh an neart, an síocháin agus an misneach dóibh déileáil leis na deacrachtaí a bhaineann le tinneas nó an laige a théann le sean-aois agus faigheann siad an neart chun cur suas le fulaingt go foighneach. (ChEC 1520, 1527).
- Ní cheadaítear ach do shagart (nó do easpag) Ungadh na n-Easlán a thabhairt. Ba chóir go spreagfaí daoine atá an-tinn fios a chur ar an sagart chun an sacraimint a fháil (Séam 5:13-16; ChEC 1516, cf. 1526, 1532).
- I sacraimint na n-Easlán déantar clár éadain agus lámha an easláin a ungadh agus iarrann an ceiliúraí grásta speisialta na sacraiminte don té atá á ungadh (ChEC 1531).
- Tugann an sacraimint maithiúnas ó pheacaí agus athmhuintearas le Dia don eslán.
- I dteannta Ungadh na n-Easlán, tugann an Eaglais an Eocairist mar Viaticum dóibh siúd atá ar tí bás a fháil, le neart a thabhairt dóibh an píosa deireanach den aistear tríd an mbás a dhéanamh (ChEC 1524).
- Eagraíochtaí a bhíonn ag obair le daoine atá tinn, faoi mhíchumas nó ag fáil bháis, m.sh. gluaiseacht na hoispíse, L'Arche.
- I Sacraimint an Athmhuintearais déanann an Eaglais ceiliúradh ar ghrá agus ar thrócaire Dé agus tugann sí cuireadh do dhaoine a bpeacaí a admháil, maithiúnas a lorg agus athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus lena chéile (RP 31).
- Thug Íosa maithiúnas do pheacaigh agus thug sé ar ais dá bpobal iad (Lúc 15; 19:9; ChEC 1443).
- Léiríonn Críostaithe a gcreideamh in Íosa trí mhaithiúnas a thabhairt agus trí ghlacadh le maithiúnas.
- Iarrann Íosa ar a lucht leanúna: 'an té a thugann buille sa leiceann dheas duit, iompaigh chuige an leiceann eile freisin; agus an té a chuirfeadh an dlí ort chun do léine a bhreith uait, scaoil leis do bhrat chomh maith' (Mth 5:38-40).
- Dlí an mhaithiúnais: Mth 5:44.
- Deir Íosa lena lucht leanúna maithiúnas gan teora a thabhairt (Mth 18:21ff.).
- Thosaigh Íosa a shaol aiséirithe trí chumhacht a thabhairt dá chuid aspail peacaí a mhaitheamh (Eoin 20:23; RP 8, 29; ChEC 1461).
- Leanann Sacraimint an Athmhuintearais ar aghaidh le hobair an mhaithiúnais agus athmhuintearais a thosaigh Íosa.
- I Sacraimint an Athmhuintearais casaimid le hÍosa Aiséirithe (ChEC 1484).
- Tagann grásta an mhaithiúnais i Sacraimint an Athmhuintearais ó bhás slánaitheach agus Aiséirí Íosa.

- Peaca: aon rud ar a smaoiníonn tú, a dhéanann tú, a deir tú nó aon rud ar chóir duit a dhéanamh agus nach ndéanann tú agus a mhileann nó a bhriseann do chairdeas le Dia, le daoine eile nó leis an gcruthú (peacaí faillí agus peacaí a dhéanamh trí ghníomh).
- Déanaimid peaca nuair a dhiúltaímid grá a thabhairt do Dhia agus dár gcomharsa agus nuair nach dtaispeánaimid meas ar chruthú Dé mar a mhúin Íosa dúinn a dhéanamh (GS 13; ChEC 1487; 1849; 1853).
- Is ionann peaca agus aon rud a bhriseann dlí ghrá Íosa (RP14).
- Cé go gcuireann gach peaca díomá ar Dhia, tá roinnt peacaí nach bhfuil chomh tromchúiseach (peacaí solathacha) agus tá roinnt peacaí atá an-tromchúiseach (peacaí marfacha) (ChEC 1855).
- Cé go ndéantar Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh go haonarach, de ghnáth, is féidir leis an Sacraimint a bheith mar chuid de cheiliúradh poiblí ina mbíonn an fhaoistin phearsanta agus aspalóid aonarach mar chuid de liotúirge de Bhriathar Dé le léachtanna, seanmóirí le scrúdú coinsiasa agus achainí poiblí ag iarraidh maithiúnais, an Phaidir agus buíochas poiblí. (ChEC 1482).

### An tAifreann

- Ag an leibhéal seo dírítear ar shé phointe chinniúnacha den Aifreann:
  1. Láithreacht na hEocairiste (SC 7, MF 35-8, ChEC 1088, 1373-77).
  2. Íobairt Chuimhneacháin (ChEC 1357, 1362-72).
  3. Moladh agus Buíochas (ChEC 1328, 1359-61).
  4. Comaoineach (ChEC 1382).
  5. Gealltanas na Beatha Síoraí (ChEC 1378-81; 1391-1401; 1418).
  6. Struchtúr an Aifrinn (ChEC 1348-55).

#### *1. Láithreacht na hEocairiste*

- Tá Íosa Críost, láithreach sa domhan in a lán bealaí, ach tá sé i láthair go sainiúil san Eocairist.
- Tá Íosa Críost láithreach: sa phobal a bhailíonn Dia le chéile; sa bhriathar fógraithe; sa sagart a cheiliúrann an tAifreann agus thar aon ní eile faoi ghné an aráin agus an fhíona mar Chorp agus Fuil Chríost.
- Tá an Tiarna Íosa i láthair ar bhealach speisialta tar éis an Choisreacain, nuair a dhéantar a chorp agus a chuid fola den arán agus den fhíon. (ChEC 1375).
- Déantar Corp agus Fuil Íosa Críost den arán agus den fhíon (ChEC 1333-36; 1373-81; 1410; 1412; 1418).
- Achainíonn an sagart ar an Athair an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn, le go ndéanfar Corp agus Fuil Chríost den arán agus den fhíon (ChEC 1105).
- Tá Íosa Críost láithreach sa Sacraimint Ró-Naofa a choinnítear sa taibearnacal chun omós a thabhairt dó (MF 66; ChEC 1379).
- Bíonn lampa an tsanctóra ar lasadh go síoraí os comhair an taibearnacail mar chomhartha den chreideamh atá againn i láithreacht Íosa Aiséirithe.

#### *2. Íobairt Chuimhneacháin*

- Ag an Aifreann cuimhnímid ar Íosa Críost a fuair bás agus a d'aiséirigh arís le go sábháilfí an domhan.
- Tá íobairt Íosa Críost ar Chalvaire beo i gceiliúradh na hEocairiste a thugann na grástaí ar fad dúinn (ChEC 601-14; 619-23; 1365-71; 1545; 2020-21; 2009-100).

*3. Moladh agus Buíochas*

- Ceiliúraimid an Eocairist lenár mbuíochas a chur in iúl do Dhia an tAthair as ucht bronntanas sainiúil an tslánaithe a thug Íosa dúinn ar an gcrois agus ag an Aifreann.

*4. Comaoineach*

- Ag an Aifreann tugann Íosa Críost a Chorp agus a chuid Fola dúinn, lena shaol a roinnt linn agus chun cabhrú linn ár gcairdeas le Dia agus le daoine eile a mhéadú (ChEC 1391, 1396).
- Nuair a ghlacaimid Íosa Críost, 'Arán na Beatha', tugann sé misneach agus neart dúinn Íosa a ghráú agus seirbhís a thabhairt dó.

*5. Gealltanas na Beatha Síoraí*

- Cothaíonn an Eocairist Naofa ár n-anamacha le grásta agus cabhraíonn sé linn Dia a ghráú agus seirbhís a thabhairt dó agus do dhaoine eile ar an saol seo agus a bheith sona leis go deo ar neamh (ChEC 1378-81; 1391-1401;1418).

*6. Struchtúr an Aifrinn*

- Bunúis Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste i ngníomhartha Íosa (ChEC 611, 1337-44).
- An tábhacht a bhaineann le 'rannpháirtíocht ghníomhach' san Aifreann (DCM 12; GIRM 5).
- Tá dhá chuid san Aifreann: Liotúirge an Bhriathair agus Liotúirge na hEocairiste (SC 56; DV 21, ChEC 1346).
- Sna Deasghnátha Tosaigh, bailíonn an pobal le chéile. Gníomh Aithrí. Loinneog don Iontróid.
- Tá gnéithe éagsúla i Liotúirge an Bhriathair i gceiliúradh na hEocairiste: An Chéad Léacht/Salm/an Dara Léacht/ Alleluia nó an Chomhgháir/An Soiscéal/An tSeanmóir/An Chré/Guí an Phobail/Urnaí Uilíoch na hEaglaise.
- Tugann Liotúirge an Bhriathair cuireadh dúinn briathar Dé a fhógairt, éisteacht leis agus é a fhreagairt.
- Tugann Liotúirge na hEocairiste cuireadh dúinn ár mbronntanais a thabhairt chun na haltóra, buíochas a ghlacadh, íobairt a ofráil, cuimhniú, béile a roinnt agus tugtar dúshlán dúinn ár saol a chaitheamh ag tabhairt seirbhíse do Dhia (ChEC 1346).
- Sa Chomaoineach, glacaimid Corp agus Fuil Chríost, a d'ofráil é féin ar son 'bheatha an tsaoil' (ChEC 1355).
- Ag na Deasghnátha Deireanacha iarrtar orainn imeacht agus leanúint ar aghaidh le misean Chríost ar domhan (ChEC 1332, 1397).
- Tá sé de dhualgas ar chreidmhigh freastal ar Aifreann an Domhnaigh agus ar roinnt Laethanta Beannaithe (Giniúint Mhuire gan Smál, An Nollaig, Féile na hEipeafáine, Lá Fhéile Pádraig, Deastógáil na Maighdine Muire, Féile na Naomh Uile) agus an Eocairist a ghlacadh ar a laghad uair amháin sa bhliain, faoi Cháisc más féidir. Molann an Eaglais go ndéanfaí freastal ar an Aifreann agus go nglacfaí an Chomaoineach Naofa níos minicí, gach lá fiú (ChEC 1389).

# Snáithe: Moráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- a bhféiniúlacht féin mar rannpháirtithe den chonradh a thuiscint (i.e. tuiscint gur freagra ar ghrá Dé í an mhoráltacht)
- tuiscint a fhorbairt, gur ionann a saol a chaitheamh go morálta mar Chríostaithe agus a bheith aontaithe le grá Íosa agus dílseacht don Athair
- a n-eolas ar aithne an ghrá agus ar na Deich nAitheanta a fhorbairt agus na dúshláin a chuireann siad os ár gcomhair a phlé agus a fhiosrú (ChEC 117)
- tuiscint a fháil ar a bhfás agus ar a bhforbairt féin: go mothúchánach, go hintinneach, go fisiciúil agus go spioradálta agus ar an tacaíocht atá ar fáil dóibh agus iad ag fás
- tuiscint a fhorbairt ar an bhfreagracht atá orthu a gcuid buanna agus tallanna a roinnt le daoine eile le go mbeidh siad mar cho-oibrithe le Dia ar mhaithe le domhan níos fearr a bheith againn (gairm bheatha; CSRE 3d)
- tuiscint a fhorbairt ar shaor rogha, peaca, breithiúnas morálta, agus freagracht dhaonna (claonadh criticiúil morálta, forbairt coinsiasa: GS 59)
- tosú ar eitic a fhorbairt a léiríonn meas agus a chosnaíonn cearta agus folláine gach duine neamhaireach ar inscne, cine, stádas sóisialta, gaisce pearsanta nó síntiús sóisialta (claonadh cearta)
- cúram do chothromas a cheangal le comharaíocht i dtógáil cinntí morálta agus ag an am céanna ag tógáil san áireamh riachtanais speisialta, cúinsí agus síntiúis dhaoine eile
- leanúint ar aghaidh ag forbairt eitic éiceolaíochta.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint:**

- An t-eolas, na bunchúiseanna agus na mothúcháin a bhfuil tionchar acu ar roghanna an Chríostaí a fhiosrú
- Measúnú a dhéanamh ar a g(h)níomhartha, luachanna agus a c(h)adrimh féin de réir prionsabail morálta Chríostaí (ionracas morálta agus breithiúnas morálta, claonadh criticiúil morálta).

**Cumarsáid:**

- Scileanna éifeachtacha idirphearsanta a chleachtadh le go mbeidh ar a c(h)umas caitheamh le daoine eile ar bhealach síochánta, fulangach agus ar bhealach nach bhfuil idirdhealaitheach.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Dínit an Duine

- Is freagairt ar ghrá Dé é adhradh a dhéanamh agus a bheith umhal d'aitheanta Dé.
- Tugann Dia bronntanais agus tallanna dúinn le húsáid ar son a ghlóire, ár bhfás féin agus ar mhaithe le daoine eile agus chun aire a thabhairt don chruthú.
- Nuair a úsáidimid na tallanna a thug Dia dúinn, tagann méadú ar an gcosúlacht atá againn le Dia (Gein 2:27).
- Cuireann Dia a mhuinín sa chine daonna oibriú ar son Ríocht Dé ar domhan (ChEC 307).
- Is comharthaí de ghrá Dé iad mo bhronntanais.

### Saoirse agus Freagracht an Duine

- Tugann Dia an saoirse dúinn rogha a dhéanamh idir an mhaith agus an t-olc-comhartha den ghrá atá aige dúinn. Tugtar saor-thoil ar seo (Mth 4:1-11; GS 17, ChEC 1705,1730-34).
- Teastaíonn cabhair Dé (grásta) uainn chun an saoirse sin a úsáid ar bhealach freagrach (ChEC 1692).
- Tá ról an-tábhachtach ag an urnaí sna cinntí a dhéanaimid.
- Nuair a roghnaímid freagairt do ghrá Dé, éirímid níos cosúla leis m.sh. grámhar, truachroíoch, trócaireach.
- Nóta: tá coincheapa múinteoireachta a bhaineann le peaca agus maithiúnas le fáil i snáithe na liotúirge agus na hurnaí.

### Láithreacht ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Is é an grásta an cúnamh a thugann Dia dá dhaoine chun a ghlaoch a fhreagairt (ChEC 1996; 2021).
- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile.
- Seo é an riail órga: 'Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh' (Mth 7:12; Lúc 6:31; ChEC 1970).
- Tá gach duine daonna teoranta, lochtach agus dá bhrí sin thaispeáin Dia a mhór-ghrá dúinn trína theagaisc a léiríonn an difríocht idir ceart agus mícheart (ar dtús sa Sean Tiomna áit a bhfuil sé seo léirithe go soiléir sna Deich nAitheanta) agus arís i dteagasc Íosa agus Eipistilí an Tiomna Nua. Lean an Eaglais an sampla diaga seo i gcónaí agus rinne iarracht an difríocht idir ceart agus mícheart a shoiléiriú.
- Tá sé de dhualgas ar dhaoine daonna an dlí morálta a leanúint, a spreagann iad chun an rud ceart a dhéanamh agus an t-olc a sheachaint (GS 16). Cloiseann siad an dlí seo ina gcoinsias.
- Bealach amháin a chabhraíonn leis an gcoinsias an t-eolas cruinn a fháil ná trí mhachnamh a dhéanamh ar Bhriathar Dé.
- Faigheann Críostaithe an t-eolas dá gcoinsias tri urnaí laethúil a dhéanamh agus trí bheith dílis do theagasc na hEaglaise.
- Na Deich nAitheanta (Eacs 20:1-17; Deot 5:6-22). (Nóta: Beidh an obair a dhéanfar ar aitheanta 6 agus 9 ag teacht le polasaí OCG na scoile).
- Is iad na Deich nAitheanta croílár Dlí Dé (ChEC 2058).

- Thug Dia na haitheanta dá dhaoine tofa chun cabhrú leo a bheith dílis do ghrá Dé (ChEC 2059).
- 'Gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán agus ó d'anam go hiomlán agus ó d'aigne go hiomlán agus do chomharsa mar tú féin' is í sin príomhaithne an Dlí (Mth 22:37-40; Léiv 19:18; ChEC 2067).
- Mhúin Íosa dúinn nach féidir grá Dé a scaradh ó ghrá don chomharsa (cf. GS 24; ChEC 1878).
- Is treoirlínte chun Dia a ghráú iad an chéad trí aithne; Is treoirlínte iad na seacht n-aitheanta eile chun grá a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile (ChEC 2067).
- Nuair a leanaimid Íosa coinnímid na Deich nAitheanta (ChEC 2053).
- Treoraíonn na haitheanta sinn chun cinntí móralta a dhéanamh (ChEC 2052).
- Múineann Íosa dúinn go mbainfimid an bheatha shíoraí amach má choinnímid na haitheanta (Mth 19:16- 22).
- Tá grásta Dé ag teastáil uainn chun an ceann is fearr a fháil ar an gcathú agus chun an peaca a sheachaint (HS 123).

### Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Chonaic Íosa go raibh gach duine luachmhar, speisialta. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gCríostaí grá a léiriú do gach duine gan aon eisceachtaí (ChEC 1825).
- Tá meas ag Críostaithe ar gach duine: óg agus sean, easláin agus daoine faoi mhíchumas.
- Tugtar cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas a saol a chaitheamh chomh foirfe is atá ar a gcumas (ChEC 2276).
- Tá an dínit céanna tuillte ag gach duine toisc go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé (ChEC 225, 356-61, 369, 1604, 1700-01, 1944-46, 2319, 2334).
- Tá meas tuillte ag gach duine, neamhaireach ar a chúlra reiligúnach, sóisialta nó eitneach (ChEC 2104).
- Tugann Dia bronntanas na síochána dúinn agus iarrtar orainn a bheith inár gceann réitithe (ChEC 1829, 1832, 2305).
- Tá gach sórt grinnis in aghaidh dlí Dé, bíodh sé bunaithe ar inscne, cine, dath, aicme sóisialta, teanga nó reiligiún (GS 29).
- Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don chruthú, toisc gur bronntanas ó Dhia do na glúnta ar fad atá ann (ChEC 373, 2402, 2456).
- Beannaíonn Dia iad siúd a thugann aire do na bochtáin (Mth 25:31-36; ChEC 2443-47).
- Bhí Íosa feargach leo siúd a ghortaigh na bochtáin (Mth 21:12-17).
- Glaonn Dia ar fhear agus ar bhean a bheith mar mhaoir ar chruthú an domhain (Gein 1:26).
- Cuir san áireamh: Scéalta faoi eagraíochtaí a thugann aire do na bochtáin (GS 88): Trócaire, na Samaratánaigh, Cumann Uinseann de Pól, *Cumann na Leanaí Misinéireachta, srl.*
- Scéalta comhaimseartha faoi fháilte a chur roimh an stráinséar, ceartas, grá don namhaid, misneach chun déileáil le míchumas, seirbhís do dhaoine eile agus slánú an domhain.
- Scéalta comhaimseartha faoi eiseamláirí de dhaoine a chaitheann a saol de réir a gcreideamh Críostaí.

### OCG i gComhthéacs Críostaí

- **Nóta:** Ba chóir go ndíreofaí an obair a dhéantar ar an gcúigiú aithne ar mheas a chothú ar an mbeatha daonna, ar an gcruthú agus ar an dtuiscint atá acu ar naofacht na beatha daonna agus an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don chorp.
- Taispeáineann an cholainn daonna dúinn go bhfuilimid teoranta agus so-mharaithe-agus sinn ag brath ar Dhia a thugann an bheatha dúinn agus a chothaímid.
- An tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt dúinn féin go fisiciúil, go tochtach agus go spioradálta.
- De réir mar a fhásaim, athraím go spioradálta tríd an ngrá atá againn do Dhia agus ár gcomharsa agus tríd an bhfeasacht atá againn ar ár gcomhcheangal leis an gcruthú ar fad.

